Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11938/26**

**DUAL USE 52**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4374 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 26.6.2026 lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4374 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4374 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2026
C(2026) 4374 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.6.2026**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá earráidí sna leaganacha Gaeilge, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise, Slóivéinise, Slóvaicise, Sualainnise agus Ungáirise de Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, earráidí a tugadh isteach le Rialacháin Tarmligthe (AE) (EU) 2022/1 agus 2025/2003 ón gCoimisiún. Chun na leaganacha teanga sin a ailíniú leis na leaganacha teanga eile, is gá Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena gceartaítear Rialachán (AE) 2021/821 a ghlacadh.

## 2. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, ceartaítear earráidí aistriúcháin sna leaganacha Gaeilge, Gréigise, Liotuáinise, Ollainnise, Slóivéinise, Slóvaicise, Sualainnise agus Ungáirise den téacs.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 26.6.2026**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú[1], agus go háirithe Airteagal 17(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Liotuáinise, , Slóvaicise, Sualainnise agus Ungáirise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, tá earráidí i gCuid I, sa sainmhíniú ar imoibreoir núicléach. Tá na hearráidí i Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2022/1[2] agus déanann sé difear do shubstaint an tsainmhínithe.

(2) Sna leaganacha Gréigise, Ollainnise, Slóivéinise agus Sualainnise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, tá earráid i gCuid IV, pointe 2B510.b.2 a mhéid a bhaineann le saintréithe an fholúis. Tugadh an earráid sin isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2003 ón gCoimisiún[3] agus déanann sé difear do shubstaint na forála.

(3) Sna leaganacha Gaeilge agus Sualainnise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, tá earráid i gCuid V, pointe 3B501.n.4 a mhéid a bhaineann leis an gcineál miotail. Tá an earráid i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2003 agus déanann sé difear do shubstaint na forála.

(4) Ina theannta sin, sa leagan Sualainnise d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, tá earráid i gCuid V, pointe 3B501.n.7.b.1 a mhéid a bhaineann leis an gcineál scagaire. Tá an earráid i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2003 agus déanann sé difear do shubstaint na forála.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Gaeilge, Gréigise, Liotuáinise, Ollainise, Slóivéinise, Slóvaicise, Sualainnise agus Ungáirise a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

---

1 IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide, OJ L 3, 6.1.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2003 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na n-ítimí dé-úsáide (IO L, 2025/2003, 14.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2003/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 mar a leanas:

(1) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*;

(2) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*;

(3) i gCuid V, ceartaítear pointe 3B501.n mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):

‘4. Trealamh atá deartha le haghaidh Deascadh Ceimiceach Gaile (CVD) ‘ón mbun aníos’ de mhiotal líonta tungstain.’;

(b) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*